


TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2012

AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE



ÁBHAR

Intreoir an Stiúrthóra	3
Misean	4
Feidhmeanna an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre	4
Ceisteanna Suntasacha	6
Samplaí a Fuarthas le haghaidh Anailíse	7
Clár um Anailíse Alcóil san Fhuil agus sa Mhún	8
Clár um Anailíse Drugaí san Fhuil agus sa Mhún	13
Clár um Anailíse Alcóil san Anáil	19
Finné Gairmiúil	23
Dearbhú Cáilíochta	23
Faisnéis Airgeadais	23
Rialachas Corparáideach	24
Saoráil Faisnéise	28
Soláthar Foirne	28
Comhdhálacha, Oiliúint & Láithreoireachtaí Seimineáir	30
Foilsíú Taighde 2012	34
Séanadh Dí	34

Tuarascáil an Stiúrthóra

Táim sásta an intreoir seo a scríobh do Thuarascáil Bhliantúil an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre do 2012. Leagann an tuarascáil amach go soiléir achoimriú de ghníomhaíochtaí agus d'fheidhmíocht an Bhiúró agus a ról bunriachtanach i Straitéis an Rialtais Sábháilteachta ar na Bóithre.

Ba í an bhliain 2012 chéad bliain na dteorainneacha nua agus níos ísle alcóil do thiománaithe faoi thionchar an óil, agus ba í chéad bliain na bpointí pionóis riaracháin freisin.


Bhí freagrachtaí ag an mBiúró sa Straitéis Sábháilteachta ar na Bóithre 2007 – 2012 agus bhí príomhról aige do dhá bheart. Comhlachas comhphríomhróil a bhí ann do bheart amháin agus gníomhaireacht tacaíochta a bhí ann do 9 bheart breise as an líon iomlán de 126. Tá an Biúró sásta tuairisciú go bhfuil na bearta seo curtha i gcrích anois agus go raibh sé mar cheann de na Gníomhaireachtaí a chabhraigh chun laghdú a bhaint amach maidir le líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha a tharlaíonn mar gheall ar thimpistí tráchta ar bhóithre.

I 2012, ar iarratas an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, thug an Biúró faoi mhórthaighde i réimse na ndrugaí agus na tiomána. Bhí de thoradh air sin tuarascáil shubstainteach faoi thástáil agus faoi threalamh cois bóthair drugaí agus ceisteanna gaolmhara, a foilsíodh i Mí Mheán Fómhair 2012 ag seoladh ar fhreastail an tAire air. Leagann an tuarascáil seo amach an léarscáil d'fhorbairt bhreise na tástála ceimicí cois bóthair do dhrugaí agus cinntíonn sí go gcoimeádann an Biúró agus, trína cheangal leis an mBiúró, Scoil na Míochaine ag COBÁC, a stádas mar cheann de na ceannairí idirnáisiúnta i réimse na n-anailísí fóiréinseacha agus an taighde sa tiomáint faoi thionchar an óil.

Ó bunaíodh an Biúró, ní hamháin gur tharla móréachtaí, mórfheabhsuithe agus mórfhorbairtí, agus leanadh ar aghaidh freisin leis an rud ar ar tugadh "gnáthobair laethúil" an Bhiúró air go sofhríotalach, obair a chuirtear i gcrích ag foireann thiomanta, oilte agus fhuinniúil, ar baill iad d'fhoireann Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath a sannadh d'fheidhmeanna an Bhiúró.

Ceann de bhonneilimintí gnóthachtála stair fhada an Bhiúró is ea an caidreamh leanúnach, dearfach agus comhoibríoch idir an Biúró agus Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Go maire an caidreamh siombóiseach seo, a mheascann le chéile seirbhísí acadúla, fóiréinseacha agus sábháilteachta ar bhóithre ar mhaithe le leas an phobail, go ceann i bhfad.

***An tOllamh Denis A. Cusack,
Stiúrthóir***



Misean

Is é Misean an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ná seirbhís náisiúnta fhóiréinseach atá d'ardchaighdeán a sholáthar chun alcól/drugaí (meisceacha) a aimsiú, chun tacú le feidhmiú éifeachtach na reachtaíochta um thrácht ar bhóithre.

Feidhmeanna an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre

Is é an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre atá freagrach as tástáil cheimiceach na substaintí meisceacha le linn tiomána in Éirinn; comhlacht corparáideach is ea an Biúró a bunaíodh i Mí na Samhna 1968 ag an Aire um Rialtas Áitiúil faoi Chuid V den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968. Athraíodh teideal an Aire chuige seo: an tAire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil ar an 22ú lá de Mhí Iúil 1997. I Mí Mheithimh 2002 tháinig an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi choimirce an Aire Iompair faoin Ordú um Aistriú Riaracháin Roinne agus Feidhmeanna Aire, 2002.

Tá feidhmeanna an Bhiúró leagtha síos sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1968 – 2010, agus ina gcuid rialachán, agus áirítear orthu:

- Fáil agus anailís le haghaidh substaintí meisceacha de shamplaí fola agus múin a chuirtear ar aghaidh chuig an mBiúró.
- Eisiúint teastas anailíse.
- Soláthar trealaimh do thógáil nó do sholáthar samplaí fola agus múin.
- Faomhadh, soláthar agus tástáil trealaimh nó fearais chun láithreach alcóil san anáil a léiriú.
- Faomhadh, soláthar agus tástáil trealaimh nó fearais chun cion an alcóil san anáil a chinneadh.
- Taighde faoi ólachán agus faoi dhruaí i dtaca le tiomáint, lena n-áirítear na modhanna chun méid an alcóil nó na ndrugaí i gcorp duine a chinneadh, agus an eipidéimeolaíocht a bhaineann le bheith ag tiomáint faoi thionchar substaintí meisceacha.

Alcóil, d'Anailís Alcóil Fhola agus Mhúin, Eisiúint Teastas agus soláthar feistis chun samplaí a thógáil (Trealaimh). Ó shin rinneadh roinnt athruithe reachtaíochta, leithéidí tabhairt isteach tástála alcóil anála fianaisí, agus tiomáint faoi thionchar drugaí (TFTD), samplaí a soláthraíodh in ospidéal, samplaí a tógadh ó thiománaithe a bhí in imbhualtí agus tástáil éigeantach alcóil. B' éigean don Bhiúró gach gné dá chuid oibre a leathnú agus a fhorbairt, agus é ag díriú ar a chuid freagrachtaí dlí faoi mar atá siad sin leagtha amach sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre (ATB) agus i gcomhréir le Straitéis Sábháilteachta an Rialtais ar na Bóithre. Faoi láthair tá an Biúró ag feidhmiú roinnt clár agus seirbhísí, agus seo a leanas iad: Anailís Alcóil Fhola agus Mhúin, Anailís Alcóil Anála; Anailís Druga Fhola agus Mhúin; Taighde – ag Tiomáint faoi Thionchar Substaintí


Meisceacha; Finné Gairmiúil Saineolach; Corparáideach/Airgeadas agus Dearbhú Cáilíochta.

Tá an Stiúrthóir freagrach as reáchtáil laethúil an Bhiúró. Tá an Príomhanailísí, P. Leavy, freagrach as reáchtáil laethúil na saotharlann agus a gcuid clár, agus tá an Riarthóir Sinsearach, T. Clarke, freagrach as an gclár Corparáideach/Airgeadais agus as riarachán ginearálta laistigh den Bhiúró. Tá bainisteoir cláir ag gach clár ar Príomhanailísí é. Tá Bainisteoir Cáilíochta ceaptha ag an mBiúró freisin (féach an chart eagrúcháin).

Feidhmíonn an Biúró i dtimpeallacht eolasbhunaithe a bhfuil sé spleách air, agus tá iarracht déanta aige i gcónaí bheith suas chun dáta leis an teicneolaíocht agus na modhanna is fearr eolais a úsáid. Choinnigh sé suas le nuálaíocht ionstraimíochta, i réimsí an aimsithe alcóil agus drugaí araon, ag eisiúint ionstraimí oiriúnacha do thástáil fhianaiseach anála i Stáisiúin Gharda roghnaithe chomh maith le gléasanna oiriúnacha do thástáil alcóil anála cois bóthair.

Ó bunaíodh an Biúró tá clú bainte amach aige mar eagraíocht a bhfuil ard-ionracas foiréinseach ag baint leis, agus bhí sé in ann eolais agus taithí a roinnt lena chuid foirne, a chuid cliant agus páirtithe ábhartha eile a fuarthas thar thréimhse de dhaichead bliain, trí oideachas, oiliúint agus comhairle. Ceann de na mórfhachtóirí a chabhraíonn le feidhmiú an Bhiúró is ea na baill oilte foirne a fhostaítear sa Bhiúró.

Soláthraíonn an Biúró seirbhís don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, do na Cúirteanna, don Gharda Síochána, do dhlíodóirí cosanta agus ionchúisimh agus don phobal.



Ceisteanna Suntasacha le linn 2012

Teorainn Níos Ísle do Thiomáint ar Meisce

Ba í 2012 an chéad bhliain iomlán ó tugadh isteach na teorainneacha nua alcóil faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010.

Dearbhú Cáilíochta

Rinneadh an creidiúnú ISO 17025 a chothabháil i 2012 sna réimsí seo a leanas.

- Anailís Alcóil Fhola agus Mhúin
- Tástáil Fhianaiseach Anála
- Réamhthástáil Anála

Agus leathnaíodh é i réimse na hAnailíse Drugaí.

Straitéis Sábháilteachta ar na Bóithre 2007 – 2012

Cur i gcrích na réimsí freagrachta laistigh de Straitéis Sábháilteachta an Rialtais ar na Bóithre 2007 – 2012.

Anailís Alcóil GC

Mhéadaigh líon iomlán na samplaí fola agus múin a cuireadh ar aghaidh d'anailís faoi 12% i 2012.

Anailís Drugaí

Mhéadaigh líon na samplaí a ndearnadh anailís orthu do láithreachta druga nó drugaí faoi 21% i 2012.

Tuarascáil Taighde faoi Thástáil Cois Bóthair Drugaí

D'fhoilsigh an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (LBSB) tuarascáil faoi thástáil agus faoi threalamh cois bóthair dhrugaí, chomh maith le ceisteanna gaolmhara, i Mí Mheán Fómhair 2012, ag seoladh ar fhreastail an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt air.

Réamhthástáil Anála Alcóil

Lean an Biúró air de bheith ag tacú le breis is 1,000 gléas Draeger 6510 a soláthraíodh do na Gardaí le linn 2012.

Tástáil Fhianaiseach Anála Alcóil

Lean an Biúró air de bheith ag tacú leis an nglúin nua gléasanna i Stáisiúin na nGardaí go náisiúnta agus sholáthair sé cúrsaí nua oiliúna d'Oibrítheoirí agus do Mhaoirseoirí.

Athghiniúint na dTrealamh Samplaí

D'athghin an Biúró 8,622 threalamh.

Suíomh Gréasáin nua an Bhiúró

Sheol an Biúró a shuíomh gréasáin nua go rafar go luath i 2012.

Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí

Cuireadh athbhreithniú criticiúil den Bhiúró i gcrích i 2012 faoi na bearta sin atá leagtha amach i bPlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí i gcomhthéacs chuíchóiriú na nGníomhaireachtaí Stáit. Tar éis aighneachtaí mionsonraithe agus moltaí an athbhreithnithe chriticiúla seo, a raibh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gceannas air, shocraigh an Rialtas gan dul ar aghaidh le cumasc beartaithe an Bhiúró le Saotharlanna eile Stáit (an tSaotharlann Stáit agus an tSaotharlann Fóiréinseolaíochta).

Samplaí a Fuarthas le haghaidh Anailíse

I 2012, san iomlán rinneadh anailís ar 8,913 sampla fola, múin agus anála don chion alcóil. Bhí méadú le sonrú i líon na samplaí fola agus múin a ndearnadh anailís orthu le linn 2012. Agus líon na samplaí anála san áireamh bhí laghdú iomlán le sonrú de 11.5% le hais an líon iomlán samplaí a ndearnadh anailís orthu le linn 2011. Rinneadh anailís ar 1,484 do láithreachtaí drugaí agus is ionann sin agus méadú de 21% le hais 2011.

Tábla 1

Líon Iomlán na Samplaí a Fuarthas laistigh de Chláir


Clár	2012	2011
Alcól: Fuil & Mún	4,029	3,598
Tocsaineolaíocht: Fuil & Mún	1,484	1,180
Tástáil Fhianaiseach Anála	4,884	6,474

Clár um Anailís Alcóil san Fhuil agus sa Mhún

Is í an Príomhanailísí, H. Kearns, atá i gceannas ar an rannóg seo. Seo a leanas príomhfheidhmeanna an chláir seo:

- Fáil agus anailís samplaí fola agus múin a chuirtear ar aghaidh chuig an mBiúró agus an toradh ar a leithéid d'anailísí
- Cinneadh, maidir lena leithéid de shamplaí de chion an alcóil san fhuil agus sa mhún
- Eisiúint teastas anailíse

- Soláthar trealamh chun a leithéid de shamplaí a thógáil
- Tástáil samplaí bréige
- Soláthar cabhrach saineolaí chuig na Cúirteanna agus chuig RITS
- Bailiú agus anailís sonraí i dtaca le tástálacha alcóil.



Soláthar Trealamh Fola agus Múin

Ullmhaíonn an Biúró trealamh fhola agus mhúin lena n-eisiúint chuig na Gardaí do chuspóir bhailithe samplaí. Le tabhairt isteach ATB 2010 i Mí Dheireadh Fómhair 2011, ceapadh straitéis trealamh ar leith agus ullmhaíodh agus eisíodh trealamh nua sampla agus aistarraingíodh na trealamh sin a ullmhaíodh do ATB 1994 agus a eisíodh do na Gardaí. Le comhoibriú ó stórais lárnacha an Gharda Síochána, cuireadh na samplaí aistarraingthe ar aghaidh chuig an mBiúró go luath i 2012. Leanadh ar aghaidh le córas athghiniúna trealamh 1994, córas a bunaíodh i 2011 chun na trealamh sin ó 1994 a ullmhaíodh ach nár eisíodh ag an mBiúró fós agus d'athghin an Biúró 8622 threalamh san iomlán i 2012. Rinneadh coigilteas mór a bhuíochas don phróiseas seo.

Anailís Alcóil Fola agus Múin

Déantar anailís ar shamplaí fola agus múin ag úsáid Crómatagrafoíochta Gáis Idirspáis le Brathadóireacht Ianúcháin Lasrach (HSGC-FID). Déantar anailís ar gach sampla dhá

uair, ar a laghad, ag beirt eolaithe éagsúla, agus iad ag úsáid dhá chóras HSGC-FID éagsúla. Ní mór go n-aontódh torthaí anailísí lena chéile sula n-eisítear Teastas Anailíse.

Fuarthas san iomlán 4,174 sampla fola agus múin le haghaidh anailíse le linn 2012. Rinneadh anailísí agus eisíodh teastais i 4,029 de na cásanna seo. I 145 (3.4%) chás níor eisíodh teastais cé acu mar gheall ar easnamh éigin sa sampla nó sna doiciméid a bhí in éineacht leis. Taispeánann líon na samplaí fola agus múin a fuarthas i 2012 laghdú de 12% le hais líon na samplaí a fuarthas le linn 2011.

Líon na Samplaí a Soláthraíodh in Ospidéil

I 2012 soláthraíodh 467 sampla in ospidéil, is ionann sin agus méadú de 56.7% le hais 2011. Bhí cion alcóil a sháraigh 150mg/100ml fola nó 200mg/100ml múin ag 30.2% acu seo, agus bhí cion alcóil a sháraigh 200mg/100ml fola nó 267mg/100ml múin ag 14.1% acu.

Is féidir gur tharla an méadú seo mar thoradh díreach ar thabhairt isteach ATB 2011, a d'fhág go bhfuil samplaí le tógáil ó thiománaithe gortaithe a aistrítear chuig ospidéil tar éis timpistí tráchta bhóthair. Is í 2012 chéad bhliain chur i bhfeidhm iomlán ATB 2011.

Meánleibhéal Alcóil san Anáil

Ba é an meánleibhéal alcóil san fhuil ná 123mg/100ml agus 141mg/100ml sa mhún.

Anailís Ama

As an líon iomlán de shamplaí fola agus múin a fuarthas soláthraíodh 68.2% idir 9.00 i.n. agus 6.00 r.n., 14.1% idir 4.00 i.n. agus 9.00 i.n., agus fuarthas an 17.7% eile idir 6.00 r.n. agus 4.00 i.n. Léiríonn seo patrún den chineál céanna is a bhí le sonrú i 2012 agus 2011.

Dhá Uair thar an Teorainn de 50mg/100ml (Fuil) nó 67mg/100ml (Mún)

Le linn 2012 deimhníodh 2,275 sampla a bhí dhá uair nó níos mó thar na teorainneacha seo. Léiríonn an figiúr seo 56.5% de líon iomlán na samplaí a deimhníodh.

Inscne i Samplaí Fola agus Múin


Le tabhairt isteach ATB 2010, rinneadh soláthar do mhéadú phróifíl eolais an tiománaí atá ólta nó drugáilte. Is í 2012 an chéad bhliain iomlán inar féidir leis an mBiúró anailís a dhéanamh ar na sonraí.

Tábla 2
INSCNE NA SAMPLAÍ – Anailís Alcóil Fola agus Múin

Inscne	2012	
Fir	3,436	82.3%
Mná	661	15.9%
Ní fios	77	1.8%

Tábla 3
Próifíl Aoise na Samplaí – Anailís Alcóil Fola agus Múin

Próifíl Aoise	2012	
≤ 24	1,068	25.4%
25 – 44	2,039	48.4%
45 – 54	527	12.5%
≥55	527	12.5%
Ní fios	52	1.2%




TÁBLA 4
LEIBHÉAL DEIMHNITHE ALCÓIL FHOLA – COMPARÁID LEIS AN MBLIAIN
ROIMHE SIN

Mg. Alcóil per 100ml Fola	2012	*2011 Ean. – D. Fómh.	*2011 Samh. – Noll.
0 – 20	494		73
21 – 50	131		28
51 – 80	165		32
0 - 80		462	
81 - 100	126	125	16
101 - 150	418	355	72
151 - 200	462	342	105
201 & Thairis	523	375	107

***I 2011 as an líon iomlán de 2,092 sampla fola a ndearnadh anailís orthu bhí 563 (26.9%) faoin teorainn agus bhí 1,529 (73.1%) thar an teorainn (figiúirí comhcheangailte).**

I 2012 as an líon iomlán de 2,319 sampla fola a ndearnadh anailís orthu bhí 625 (27%) faoin teorainn agus bhí 1,694 (73.0%) thar an teorainn (figiúirí comhcheangailte).



TÁBLA 5
LEIBHÉAL DEIMHNITHE ALCÓIL MHÚIN – COMPARÁID LEIS AN MBLIAIN
ROIMHE SIN

Mg. Alcóil per 100ml Múin	2012	*2011 Ean. – D.Fómh.	*2011 Samh. – Noll.
0 – 27	412		67
28 – 67	123		31
68 - 107	159		37
0 - 107		498	
108 – 135	144	84	21
136 - 200	319	228	61
201 – 267	304	230	76
268 & Thairis	249	139	34

***I 2011 as an líon iomlán de 1,506 sampla múin a ndearnadh anailís orthu bhí 596 (39.6%) faoin teorainn agus bhí 910 (60.4%) thar an teorainn (figiúirí comhcheangailte).**


I 2012 as an líon iomlán de 1,710 sampla múin a ndearnadh anailís orthu bhí 535 (31.3%) faoin teorainn agus bhí 1,175 (68.7%) thar an teorainn (figiúirí comhcheangailte).



Clár um Anailís Drugaí san Fhuil agus sa Mhún

Is í an Príomhanailísí, R. Maguire, atá i gceannas ar an gclár seo. Seo a leanas príomhfheidhmeanna an chláir seo:

- Cinneadh, maidir lena leithéid de shamplaí de láithreach (más ann di) druga nó drugaí san fhuil nó sa mhún
- Eisiúint teastas anailíse
- Soláthar cabhrach saineolaí chuig na Cúirteanna agus RITS
- Bailiú agus anailís sonraí maidir le tástálacha tocsaineolaíochta
- Tástáil cois bóthair drugaí



Réamhanailís


Déanann an Bíúro anailís ar gach sampla fola agus mún, a fhaightear iad a bheith faoi bhun teorann d'alcól, do láithreach seacht n-aicme éagsúla druga nó drugaí. Is féidir leis na Gardaí freisin anailísí druga a iarraidh do shamplaí a mbaineann leibhéil alcóil thar an teorainn seo leo, agus freisin do shamplaí mar ar eisíodh ráiteas TFA do chion alcóil anála cheana. Ba é líon na samplaí ó 2012 a ndearnadh anailís orthu do

láithreacht druga nó drugaí ná 1,484. Is ionann sin agus méadú de 21% le hais na samplaí a ndearnadh anailís orthu le linn 2011.

Lean LBSB air de bheith ag tástáil samplaí faoi bhun 80mg/100ml san fhuil agus 107mg/100ml sa mhún. Thit 1,477 isteach sa chatagóir seo; bhí 4 os cionn an leibhéil seo agus rinneadh tástáil orthu ina dhiaidh sin tar éis iarratais a rinneadh ag An nGarda Síochána. Níorbh ann d'aon samplaí a ndearnadh tástáil orthu le haghaidh alcóil, ag úsáid TFA a cuireadh isteach go díreach le haghaidh tástála druga 3 huairé i 2012.

Bhí i gceist leis an réamhthástáil imdhíon-mheasúnacht ar tástáil í ar féidir léi láithreacht druga a aimsiú i sreabhán bitheolaíoch trí úsáid antasubstaintí sonracha. Baintear seo amach sa Bhiúró ag anailísithe trí úsáid trealamh atá ar fáil ar bhonn tráchtála.

Cuireadh tús i 2012 le hobair ar réamhthástáil nua druga a leathnóidh amach cineál agus líon na ndrugaí sin a chuireann as don iompar ar féidir le LBSB tástáil lena n-aghaidh.





Anailís Deimhnithe

Chuir an Biúró i gcrích tástáil deimhnithe do láithreacht Channaibionóideach i samplaí fola agus múin agus do láithreacht na haicme druga Beinsidhé-asaipín i samplaí múin ag áitreabh an Bhiúró i gCOBÁC.

Úsáideann an Biúró cé acu Crómatagrafaíocht Gháis le Mais-Speictriméadracht nó Crómatagrafaíocht Leachta le Mais-Speictriméadracht Sraithe agus é ag déanamh anailíse deimhnithe ar dhruaí. Ceadaíonn na teicnící seo cinneadh dochréagnaithe drugaí i sreabháin bhitheolaíocha. Cé go gcuireann an Biúró mórchuid na hanailíse deimhnithe i gcrích ag campas COBÁC (77%), tá sé tar éis socrú a dhéanamh le go ndéanfaí cuid den tástáil ag an LGC (23%) sa Ríocht Aontaithe (RA). Tugann an tábla seo a leanas breac-chuntas ar líon agus ar chineál na dtástálacha deimhnithe a cuireadh i gcrích ag áitreabh an Bhiúró i gCOBÁC agus líon agus cineál na tástála a cuireadh i gcrích ag an LGC sa RA.

Tábla 6

Achoimriú ar Thástáil Deimhnithe


Aicme Drugaí	Líon na dTástálacha	Líon na nAnailítí	Cé a chuir i gcrích	%
Cannabas	512	2	LBSB	61
Beinsidhé-asaipíní sa Mhún	110	27	LBSB	13
Beinsidhé-asaipíní san Fhuil	71	25	LGC	9
Codlaidínigh	66	4	LGC	8
Cócaon	29	3	LGC	3
Meatadón	13	2	LGC	2
Amfataimín	18	2	LGC	2
Meitiolamfataimín	15	2	LGC	2
Tomlán	834	42	níl fáil air	100

Faoi mar atá le feiceáil ba í an tástáil ba mhó a ndearnadh seachfhoinsiú di ná beinsidhé-asaipíní san fhuil, agus rinneadh tuilleadh dul chun cinn suntasach i bhforbairt mhodha ag an mBiúró ag campas COBÁC i 2012.


Torthaí Anailíse Druga

As na 1,484 sampla a ndearnadh tástáil orthu do láithreachta drugaí, bhí 836 nó 56% dearfach d'aicme dhruaga amháin, ar a laghad, agus ní raibh aon cheann de na 7 n-aicme dhruaga, ar féidir le LBSB iad a aimsiú, le fáil iontu, sin 648 nó 44%.

Taispeántar na torthaí inar aimsíodh drugaí ag an réamhthástáil druga sa chairt thíos. Faoi mar atá le feiceáil is é Cannabas an ceann is coitianta, agus ina dhiaidh sin Beinsidhé-asaipíní, faoi mar a tuairiscíodh roimhe seo [1, 2].




Tugadh faoi deara freisin aimsiú drugaí iomadúla a chuireann isteach ar an iompar sa sampla céanna a tógadh ó thiománaithe, a tuairiscíodh cheana[1], bunaithe ar réamhshonraí anailíse drugaí. San iomlán, bhí 75% de na samplaí ar fad a cuireadh isteach do réamhthástáil druga dearfach do 2 nó níos mó ná d'aicmí druga. Cuireann an chart thíos béim ar mhéid na faidhbe seo.



Tá na meascáin is mó atá le fáil sa chart thíos de réir oird.

I gcás gach sampla, roghnaíodh 1 aicme druga lena dheimhniú agus taispeánann an chairt thíos dáileadh na n-aicmí druga a aimsíodh. Arís, is iad na príomhdhruaí a aimsíodh ná Cannabis agus Beinsidhé-asaipíní.



Taighde

Tá drugaí agus tiomáint (TFTD) ina chúis imní i gcónaí don Rialtas, go háirithe maidir le forfheidhmiú. Beidh an réimse iomlán seo, scagadh cois bóthair do dhruaí ina dhúshlán don Bhiúró.

Mar gheall ar an tslí ina bhfuil mí-úsáid drugaí ag athrú tá gá leanúnach ann le monatóireacht a dhéanamh ar na drugaí sin atá á mí-úsáid ag tiománaithe. Tá LBSB ag forbairt modhanna nua go gníomhach ar aidhm leo cineál agus líon na ndruaí sin a mhéadú, a chuireann isteach ar iompar duine, agus ar féidir iad a aimsiú, agus freisin tá sé ag cur feabhais ar na modhanna ar ann dóibh cheana chun cinntiú go gcoinníonn na modhanna suas le dul chun cinn ó thaobh aimsiú drugaí de.

Tagairtí

1. Cusack, D.A., et al., *Driving Under The Influence of Drugs in Ireland: Results of a Nationwide Survey 2000-2001*, 2003, LBSB, COBÁC Igh. 1-25.
2. Cusack, D.A., C.P. Leavy, agus R. Maguire, *Report on Roadside Drug Testing and Equipment and Related Matters*, 2012, An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Clár um Anailís Alcóil san Anáil

Is é an Príomhanailísí, D. Reynolds, atá i gceannas ar an gclár seo. Is iad na príomhfheidhmeanna a bhaineann leis an gclár seo ná:

- Faomhadh, soláthar agus tástáil fearais chun láithreacht an alcóil san anáil a léiriú (gléasanna do scagadh cois bóthair anála)
- Faomhadh, soláthar agus tástáil fearais chun cion an alcóil san anáil a chinneadh (ionstraimí do thástáil fhianaiseach anála)
- Soláthar cabhrach saineolaí chuig na Cúirteanna agus RITS
- Soláthar cúrsaí oiliúna d' Oibritheoirí agus do Mhaoirseoirí Evidenzer IRL.
- Bailiú agus anailís sonraí maidir le tástálacha fhianaiseacha alcóil san anáil.



Tástáil Cois Bóthair Alcóil san Anáil

Lean an Biúró air de bheith ag tacú leis na gléasanna leictreonacha Draeger 6510 a eisíodh don Gharda Síochána i 379 Stáisiún Garda.



Tástáil Fhianaiseach Alcóil san Anáil

Ó tugadh isteach tástáil fhianaiseach anála i 1999 d’fhaomhaigh, sholáthair, chothabháil agus thástáil an Biúró ceithre ghléas is seasca i Stáisiúin Gharda go náisiúnta. I 1999, rinneadh gléasanna Intoxilyzer 6000IRL a shuiteáil agus tar éis an athraithe sa teorainn alcóil i 2011 cuireadh glúin nua gléasanna in áit na ngléasanna seo – an EvidenzerIRL.

Lean an Biúró air de bheith ag tacú leis na 64 ghléas EvidenzerIRL i Stáisiúin Gharda agus phleanáil sé do chur i bhfeidhm 22 ghléas breise i 2013.

Oiliúint

Le linn 2012 ceapadh beirt Oide de chuid an Gharda chun dul i gcomhairle leis an mBiúró chun cabhrú maidir le seachadadh an chúrsa oiliúna d’Oibritheoirí agus do Mhaoirseoirí an EvidenzerIRL. Is cúrsa oiliúna lae go leith é seo a ceapadh chun Oibritheoirí agus Maoirseoirí Garda a oiliúint maidir le húsáid an ghléis EvidenzerIRL.

Tionóladh na cúrsaí oiliúna seo a leanas le linn 2012:

- 4 Chúrsa Oiliúna d’Oibritheoirí (73 Oibritheoir)
- 4 Chúrsa Oiliúna do Mhaoirseoirí (20 Mhaoirseoir)

Tábla 7
LEIBHÉAL DEIMHNITHE ALCÓIL SAN ANÁIL – COMPARÁID LEIS AN MBLIAIN
ROIMHE SIN

µg. an Alcóil per 100ml den Anáil	2012	*2011 Ean – D.Fómh.	*2011 Samh. – Noll.
0 - 9	485		95
10 – 22	633		100
23-35	807		120
0 - 35		1,413	
36 – 44	471	746	84
45 – 66	1,216	1,802	228
67 – 88		1,173	
89 & Thairis sin		471	
67 & Thairis sin	1,272		242

Anailís Alcóil san Anáil

I 2012 san iomlán tógadh 5,477 sampla i Stáisiúin Gharda, sin laghdú de 23.2% le hais 2011. Deimhníodh 4,884 de na samplaí; bhí 77.1% thar an teorainn dhlíthiúil de 22µg/100ml. As an líon iomlán tástálacha anála a cláraíodh, i gcás 593 acu níor tugadh ráiteas faoi Roinn 13 den Acht um Thrácht ar Bhóithre.

Tástáil & Cuirteanna ar Stáisiúin Gharda

Thug Eolaithe de chuid an Bhiúró cuairt ar agus thástáil siad gach gléas a suiteáladh roimhe seo i stáisiúin Gharda ar a laghad dhá uair le linn 2012. Thug eolaithe de chuid an Bhiúró breis is 154 cuairt ar ionaid ghléis TFA ar fud na hÉireann le linn na bliana. Chlúdaigh na cuairteanna seo tástáil agus cothabháil agus is eilimint bhunriachtanach iad maidir le dearbhú cháilíocht torthaí tástála alcóil san anáil do chuspóirí fianaiseacha.

Meánleibhéal Alcóil san Anáil

Ba é meánleibhéal an alcóil san anáil ná 46.6µg/100ml.

Anailís Ama

As an líon iomlán samplaí anála a fuarthas soláthraíodh 70% idir uaireanta 9.00 i.n. agus 6.00 r.n., 12.5% idir 4.00 i.n. agus 9.00 i.n., agus fuarthas na 17.5% eile idir 6.00 r.n. agus 4.00 i.n.

Dhá uair thar an Teorainn de 22 µg /100ml (Anáil)

Bhí 50.9% de na samplaí anála a soláthraíodh níos mó ná dhá uair thar an teorainn seo.

Inscne i Samplaí Tástála Fianaisí Anála

Le tabhairt isteach ATB 2010, rinneadh soláthar do mhéadú phróifíl eolais an tiománaí atá ólta nó drugáilte. Is í 2012 an chéad bhliain iomlán inar féidir leis an mBiúró anailís a dhéanamh ar na sonraí.

Tábla 8

Inscne	2012	
Fir	4,277	87.6%
Mná	607	12.4%
Ní fios	0	0%

Tábla 9

Próifíl Aoise na Samplaí – Anailís Alcóil san Anáil

Próifíl Aoise	2012	
≤ 24	957	19.6%
25 – 44	2,683	54.9%
45 – 54	718	14.7%
≥55	524	10.7%
Ní fios	2	0.1%

Finné Gairmiúil

Is é réimse fhorfheidhmiú shábháilteacht an tráchta ar bhóithre agus go háirithe i dtaca le tiomáint faoi thionchar na substaintí meisceacha (idir alcól agus drugaí) an réimse is mó ina dtéitear chun dlí i réim an dlí choiriúil in Éirinn.

Tá an Biúró páirteach i gcomhairle a thabhairt do chásanna a thagann os comhair na gCúirteanna; bíonn a chuid eolaithe ag cabhrú trí dhul os comhair na Cúirte chomh maith.

Le linn 2012 lean an Biúró air de bheith ag soláthar tacaíochta atá neamhspleách, gairmiúil agus saineolach, chun cabhrú leis na Cúirteanna i riar an cheartais. Sholáthair baill d'fhoireann an Bhiúró fianaise ghairmiúil in 12 chás cúirte, a mbaineann beirt acu le hanailís alcóil san fhuil agus sa mhún. Dúshlán dlí a bhí i gceithre cinn acu maidir le tástáil fhianaiseach anála agus bhain 6 cinn le hanailís drugaí. Cúpla uair bhí baill fhoirne ar fuireachas le freastal ar an gcúirt ach ní raibh gá leo.

Dearbhú Cáilíochta

Chothabháil LBSB a Chreidiúnú ISO 17025 i 2012 do na ceithre réimse seo: anailís alcóil san fhuil agus sa mhún; anailís Druga; Tástáil Fhianaiseach Anála; agus Réamhthástáil Anála a bhfuil creidiúnú aige lena aghaidh. Cuireadh iarratas isteach ar shíniú don raon ag deireadh Mhí na Samhna 2011, do chuimsiú thástáil deimhniúcháin cannaibionóideach i samplaí fola agus múin agus do thástáil deimhniúcháin bheinsidhé-asaipíní i samplaí múin agus baineadh an síniú amach go rafar i 2012. Cuireadh an measúnú bliantúil i gcrích ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC) le linn Bealtaine 2012, agus lena linn sin scrúdaíodh gach nós imeachta anailíseach go mion agus fuarthas amach go gcloíonn siad le critéir atá i gcomhlíontacht le ISO 17025.

Faisnéis Airgeadais

Faigheann LBSB a chuid maoinithe ó Dheontas Bliantúil ón Vóta don Roinn Iompair. Ba é an leithdháileadh iomlán deontais don Bhiúró do 2012 ná €4,797,000. Trí mhonatóireacht chuimsitheach leanúnach bhuiséadach d'éirigh leis an mBiúró coigilteas suntasach agus beartais shuntasacha éifeachtúlachta a bhaint amach i 2012. San iomlán sábháladh €720,000 gur cuireadh an tsuim sin ar fáil ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt do 2012.

Rialachas Corparáideach

Feidhmíonn Bord LBSB de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Tá an Bord cuntasach don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus don Roinn Airgeadais. Casann baill an Bhoird ar a chéile go rialta agus tá siad freagrach as bainistiú ceart an Bhiúró. Déanann sé mórshocruithe straitéiseacha agus déanann sé athbhreithniú ar straitéis bhainistithe riosca agus ar phróisis rialaithe an Bhiúró ar bhonn rialta.

Baill an Bhoird

Cuimsíonn Bord LBSB cúigear ball (lena n-áirítear an Stiúrthóir) agus ceaptar iad ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Ainm	Post	Taifead Freastail
An tOllamh Cecily Kelleher	Cathaoirleach	3 as 4
An tOllamh Denis Cusack	Ball an Bhoird agus Stiúrthóir	4 as 4
Declan Hayes	Ball an Bhoird	4 as 4
Philip Joyce	Ball an Bhoird	3 as 4
An Dr. Niall McNamara	Ball an Bhoird	3 as 4

Baill agus Cruinnithe an Bhiúró

Le linn 2012 thionóil LBSB ceithre chruinniú. Tionóladh na cruinnithe seo ar 29 Márta 2012, 21 Meitheamh 2012, 27 Meán Fómhair 2012 agus ar 13 Nollaig 2012.

Sceideal na dTáillí agus na gCostas Comhiomlán a Íocadh do Stiúrthóirí le linn 2012

Le linn 2012 íocadh na táillí seo a leanas:

Ball an Bhoird	CINEÁL TÁILLE	ÍOCTHA
Philip Joyce, Ball	Táille do bhaill Neamhfheidhmiúcháin Bhoird Chomhlachtaí Stáit	€6,300
An Dr. Niall McNamara	Táille do bhaill Neamhfheidhmiúcháin Bhoird Chomhlachtaí Stáit	€6,300

Comhlíontacht

Tá an Bord sásta tuairisciú gur chomhlíon LBSB, le linn na bliana dar deireadh 31 Nollaig 2012, forálacha ábhartha an Chóid Chleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Cuireadh iniúchadh inmheánach i bhfeidhm.

Na hAchtanna um Eiticí in Oifigí Poiblí

Ní raibh aon leasanna ag baill an Bhoird a bhí in oifig ag 31 Nollaig 2012 do chuspóirí na nAchtanna um Eiticí in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001.

An Coiste Iniúchta

Déanann an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú ar aon ghné a bhaineann le ceisteanna airgeadais an LBSB. Feidhmíonn an coiste de réir téarmaí foirmeálta tagartha. Is gnách go mbíonn baill an Choiste ag freastal ar na cruinnithe agus tuairiscíonn sé don Bhord ar bhonn leathbhliantúil.

Iniúchadh Seachtrach Airgeadais

Chuir an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh bliantúil Ráitis Airgeadais 2011 i gcrích le linn 2012. Níor tháinig aon cheisteanna suntasacha chun solais le linn an iniúchta.

Iniúchadh Inmheánach

Is príomheilimint í an fheidhm inmheánach iniúchta maidir leis an mBord a chur ar an eolas faoi éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais. Feidhmíonn an t-

iniúchóir inmheánach de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Ullmhaíodh tuarascáil Iniúchta Inmheánaigh maidir le 2012.

Soláthar

Is é cur amach ar thairiscintí iomaíocha an gnáthpholasaí a úsáidtear ag Bord LBSB sa phróiseas soláthair. Deimhníonn sé gur chomhlíon sé nósanna imeachta soláthair agus teoracha ábhartha AE faoi mar atá siad leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit le linn 2012.


Pleanáil Straitéiseach

Thiomsaigh an Biúró a Phlean Bliantúil Straitéiseach do 2013 agus freisin a Phlean Straitéiseach Cúig Bliana 2013-2017 agus cuireadh an dá straitéis ar aghaidh chuig an Aire. Leagann na Pleananna amach príomhchuspóirí an Bhiúró sa bhliain agus sna blianta atá amach romhainn i gcomhar lena chuid príomhghníomhaíochtaí chun na cuspóirí seo a bhaint amach. Is féidir breathnú ar an dá straitéis ar shuíomh gréasáin an Bhiúró.

Prasíocaíocht Chuntas

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá acu as comhlíontacht a chinntiú maidir leis an Acht um Phrasíocaíocht Chuntas. Faoi chomhaontú le Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, íoctar soláthróirí sa chéad dul síos ag an gColáiste, a chúitítear ag an mBiúró ansin. Is é polasaí LBSB cinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Mar chomhlachas earnála poiblí, tá iachall ar COBÁC cloí le riachtanais an Achta maidir le híocaíochtaí chuig soláthróirí do sholáthar earraí nó seirbhísí agus tá nósanna an-diana i bhfeidhm aige, mar sin de.

I gcás líon beag soláthróirí, nuair a fhaigheann an Biúró sonrasc eisíonn sé íocaíocht trí mheán seice go díreach chuig an soláthróir. Ní féidir leis na rialuithe maidir le próiseáil sonrasc agus bheith ag plé le hachrainn ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a sholáthar in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta.



RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Freagracht Rialaithe Inmheánaigh

Ar son Bhaill LBSB, aithním ár bhfreagracht as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chumhdach, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus cé acu go gcuirtear cosc ar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile nó go n-aimseofaí iad go tráthúil.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá na príomhnósanna imeachta seo a leanas leagtha amach ag an mBiúró atá deartha chun rialú éifeachtach inmheánach airgeadais a sholáthar laistigh den Bhiúró. Thoiligh an Biúró go bhfuil an Stiúrthóir agus an fhoireann freagrach as ceisteanna oibríochtúla. Tuairiscíonn an Stiúrthóir don Bhiúró ag a chuid cruinnithe; tionóladh ceithre cinn acu sin i 2012.

Tá a chuid nósanna imeachta airgeadais agus a chuid cleachtas tarmagain leagtha amach ag an mBiúró chun timpeallacht rialaithe thrédhearcach a chinntiú atá oiriúnach do ghníomhaireacht bheag leathstáit. Bhunaigh an Biúró Coiste Iniúchta le linn 2003 chun tacú le ráthaíocht cháilíochta nósanna imeachta airgeadais. Thionóil an Coiste dhá chruinniú le linn 2012 agus thuairiscigh sé don Bhiúró.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreatlach fhaisnéise rialta bhainistithe, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dealú na gcúraimí, agus córas tarmagain agus cuntasachta. Tá mar chuid de go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a athbhreithnítear agus a chomhaontaítear ag an mBiúró.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBiúró thuarascálacha tráthrialta agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais le hais na dtuartha a rinneadh.
- Socrú spriocanna chun feidhmíocht oibríochtúil, airgeadais agus eile a thomhas.
- Disciplíní foirmeálta bainistithe thionscadail.

De réir an Chóid Chleachtas do Rialachas Comhlachtaí Stáit ceapadh Iniúchóir Inmheánach i 2006. Chuir an tIniúchóir Inmheánach athbhreithniú neamhspleách i gcrích ar na cuntais do 2012.

Athbhreithniú Bliantúil ar na Rialuithe

Níor chuir an Biúró i gcrích athbhreithniú ar éifeachtacht a chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais i 2012.

An tOllamh Cecily Kelleher,
Cathaoirleach.



Saoráil Faisnéise

Le linn 2012 fuair an Biúró iarratas amháin ar pléadh leis lasmuigh de réimse na Saorála Faisnéise.

Soláthar Foirne

Lean an Biúró air i 2012 de bheith ag feidhmiú laistigh dá líon foirne Creatlaí Rialaithe Fostaíochta.


Le linn na bliana tharla roinnt athruithe i bhfoirniú an Bhiúró tar éis do dhaoine éirí as a bpost.

Lean an fhoireann ar fad orthu de bheith ag léiriú solúbthachta chun cinntiú go ndéanfaí gach clár a chothabháil agus go dtabharfaí an chabhair sin do na tionscadail bhreise a bhí riachtanach.

Intéirneachtaí

Ceapadh beirt chéimithe ar intéirneachtaí faoi Scéim Náisiúnta Intéirneachta an Rialtais, JobBridge. Leithdháileadh iad laistigh den Chlár um Anailís Druga san Fhuil agus sa Mhún ar thionscadail éagsúla.





- PA = Principal Analyst
- QM = Quality Manager
- AO = Administrative Officer
- SA = Senior Analyst
- AN = Analyst
- SEA = Senior Executive Assistant
- EA = Executive Assistant
- STO = Senior Technical Officer
- TO = Technical Officer
- LA = Lab Attendant
- ITO = IT Officer
- SRA = Senior Reception Attendant
- RA = Reception Attendant

Comhdhálacha, Oiliúint & Láithreoireachtaí Seimineáir

1. D'fhreastail Oifigeach Sinsearach Teicniúil ar chúrsa leathlae faoi Ghníomhaithe Ceimiceacha & Measúnú Riosca ar 13 Eanáir 2012 ag COBÁC.
2. D'fhreastail beirt bhall foirne ar chúrsa leathlae Feasachta Dramhaíola Guaisí, a sholáthair SRCL ar 19 Eanáir, 2012 in Institiúid Mhic Con Midhe COBÁC.
3. D'fhreastail triúr Anailísithe Sinsearacha agus Anailísí ar Chúrsa Oiliúna Riarthóra LIMS-Nautilius do dhá lá ar 1 agus ar 2 Feabhra, 2012 ag LBSB.
4. D'fhreastail Príomhanailísí ar Chruinniú aon lae de chuid UKIAFT (UK & Ireland Association for Forensic Toxicologists) ar 10 Feabhra 2012 ag Imperial College London, Campas Charing Cross, Londain W68RP, Sasana.
5. D'fhreastail Príomhanailísí ar Chruinniú Tástála Anála Caighdeáin CEN (PBT) ó 13 go 14 Feabhra, 2012 in AFNOR, St. Denis, Páras, an Fhrainc.
6. D'fhreastail beirt Anailísithe Sinsearacha ar chúrsa aon lae faoi Bhainistiú agus faoi Spreagadh Daoine le linn Tréimhse Dúshlánaí ar 14 Feabhra, 2012 ag COBÁC, Belfield, Baile Átha Cliath 4.
7. D'fhreastail Príomhanailísí ar Chúrsa aon lae faoi Scileanna Idirbheartaíochta ar 21 Feabhra, 2012 ag COBÁC, Belfield, Baile Átha Cliath 4.
8. D'fhreastail seachtar ball foirne ar chúrsa aon lae faoi Scileanna sa Seomra Cúirte ar 23 Feabhra, 2012 ag LBSB.
9. D'fhreastail ball foirne amháin ar Chúrsa aon lae Garchabhrach Ceirde ar 14 Márta, 2012 ag COBÁC, Belfield, Baile Átha Cliath 4.
10. D'fhreastail ball foirne amháin ar Chúrsa aon lae um Láimhseáil agus Úsáid Shábháilte Ghás Tionsclaíoch ar 20 Márta, 2012, a tionóladh ag BOC, an Cloigín Gorm, Baile Átha Cliath 12.
11. D'fhreastail ceathrar ball foirne ar Chúrsa Intreorach do SQL ar 29 agus ar 30 Márta, 2012 ag OLAS, Stigh Lorgan, Co. Bhaile Átha Cliath
12. D'fhreastail ceathrar ball foirne ar Chúrsa aon lae Tuairisceoireachta Infomaker ar 3 Aibreán, 2012 ag LBSB.
13. D'fhreastail beirt anailísithe ar Chúrsa aon lae faoi Staitisticí ar 3 Aibreán, 2012 ag COBÁC, Belfield, Baile Átha Cliath 4.

14. D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar chúrsa dhá lá 'Oiliúint don Oiliúnoir' ó 23 go 24 Aibreán, 2012 ag COBÁC, Belfield, Baile Átha Cliath 4.
15. D'fhreastail an tAnailísí Ceann Foirne ar chomhdháil idirnáisiúnta aon lae le haghaidh Údarás Sábháilteachta ar Bhóithre faoi Iompar Atitimeach agus faoi Athshlánúchán Tiománaithe ar 16 Aibreán 2012 ag Caisleán Átha Cliath, Baile Átha Cliath.
16. D'fhreastail ball foirne ar chúrsa aon lae maidir le Feabhas a chur ar do Chuid Scileanna Cumarsáide ar 3 Bealtaine, 2012 ag COBÁC, Belfield, Baile Átha Cliath 4.
17. D'fhreastail ceathrar ball foirne ar chúrsa leath lae Oiliúna LIMS ar 4 Bealtaine, 2012 ag LBSB.
18. D'fhreastail an tAnailísí Ceann Foirne, an Príomhanailísí agus Anailísí ar Chomhdháil aon lae de chuid Chumann Mais-Speictriméadrachta na hÉireann ar 9 Bealtaine 2012 ag Óstán an 'Red Cow', Bóthar an Náis, Baile Átha Cliath 22.
19. D'fhreastail an Stiúrthóir ar 11 agus ar 12 Bealtaine 2012 ar Chomhdháil Idirnáisiúnta dhá lá de chuid Dámh na Míochaine Fóirinsí agus Díl i nDún Éideann na hAlban.
20. D'fhreastail Anailísí ar an gCúrsa Borkenstein faoi Shábháilteacht Alcóil & Sábháilteachta Tráchta ó 13 go 18 Bealtaine 2012 a tionóladh in Ollscoil Indiana Bloomington, Indiana, SAM.
21. D'fhreastail an Stiúrthóir ar Sheimineár aon lae de chuid Chomhairle Sábháilteachta Iompair Eorpaigh faoi Shábháilteacht ar Bhóithre ar 24 Bealtaine 2012 i mBaile Átha Cliath.
22. D'fhreastail an Stiúrthóir agus Príomhanailísí ar chruinniú leathlae ar 24 Bealtaine, 2012 faoi Ghléasanna Comhghlasáilte Alcóil a eagraíodh ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre in Ambasáid Cheanada, Baile Átha Cliath.
23. D'fhreastail an tAnailísí Ceann Foirne, Príomhanailísí agus seachtar ball foirne ar chúrsa gairid a cuireadh ar fáil ag an Leabharlann Leighis faoi EndNote ar 24 Bealtaine, 2012 ag COBÁC, Belfield, Baile Átha Cliath 4.
24. D'fhreastail beirt bhall foirne ar chúrsa aon lae faoi Shábháilteacht sa tSaotharlann ar 12 Meitheamh, 2012, ag VWR, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15.

25. D'fhreastail an Stiúrthóir & an Príomhanailísí ar Cheardlann aon lae do Pháirtithe Leasmhara an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre ar 19 Meitheamh, 2012 ag Coláiste Uí Ghríofa, An Cuarbhóthar Theas, Baile Átha Cliath 8.
26. D'fhreastail ball foirne ar chúrsa aon lae faoi Scileanna Excel Core ar 19 Meitheamh, 2012 ag COBÁC, Belfield, Baile Átha Cliath 4.
27. D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar Chúrsa dhá lá Scileanna Maoirseora agus Cheannaire Fhoirne ó 25 go 26 Meitheamh, 2012 ag COBÁC, Belfield, Baile Átha Cliath 4.
28. D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar Chomhdháil an Society for Forensic Toxicology (SOFT) ó 1 go 6 Iúil, 2012 i mBostún, SAM.
29. D'fhreastail an Stiúrthóir ar 22ú Comhdháil an International Academy of Legal Medicine in Iostanbúl na Tuirce ó 5 go 7 Iúil 2013.
30. D'fhreastail Príomhanailísí agus 2 Anailísithe Sinsearacha ar Chomhdháil UKIAFT ar 30 agus ar 31 Lúnasa 2012 in Ollscoil na Ríona, Béal Feirste, Tuaisceart Éireann.
31. D'fhreastail Príomhanailísí ar Sheimineár aon lae faoi Nuashonrú ar Tháirgí Agilent ar 6 Meán Fómhair, 2012 san Óstán Citywest, Teach Sagard, Co. Átha Cliath.
32. D'fhreastail ceathrar ball foirne ar chúrsa aon lae Oiliúna LIMS ar 10 Meán Fómhair, 2012 ag LBSB.
33. D'fhreastail beirt Anailísithe Sinsearacha, triúr Anailísithe agus beirt Intéirneach ar na Cúrsaí Oiliúna LCMS ABSCIEX ó 11 go 13 Meán Fómhair, 2012 ag LBSB.
34. D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar an mBonnchúrsa ISTQB faoi Thástáil Bogearraí ó 24 go 26 Meán Fómhair, 2012 ag Inspire Quality Services, Óstán an Clyde Court, Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath 4.
35. D'fhreastail an Bainisteoir Cáilíochta ar Chruinniú Grúpa aon lae do Bhainisteoirí Cáilíochta ar 2 Deireadh Fómhair, 2012 sa tSaotharlann Stáit, Cill Droichid, Co. Chill Dara.
36. D'fhreastail Anailísí ar an gCúrsa Borkenstein faoi Éifeachtaí na nDrugaí ar an bhFeidhmíocht agus ar an Iompar Daonna a tionóladh i Philadelphia ó 1 go 5 Deireadh Fómhair, 2012.



37. D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar Chúrsa Intreorach aon lae faoi Bhainistiú Tionscadail ar 12 Deireadh Fómhair, 2012 ag COBÁC, Belfield, BÁC 4.
38. D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar Chomhdháil Dhomhanda 2012 faoi Theirmeafhaisnéisíocht ó 15 go 18 Deireadh Fómhair 2012 ag Marriott Amstardam, Stadhouderskade 12, Amstardam, 1055 ES, Amstardam.
39. D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar Chúrsa aon lae Scileanna Cumarsáide ar 17 Deireadh Fómhair, 2012 ag COBÁC, Belfield, Baile Átha Cliath 4.
40. D'fhreastail an Stiúrthóir ar chruinniú náisúnta Ghrúpa Cliniciúil Leighis Thráchtá ar Bhóithre, a bhaineann le Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann (CRLÉ) ar 23 Deireadh Fómhair 2013 sa CRLÉ, Baile Átha Cliath.
41. D'fhreastail Anailísí ar Chúrsa Fabhtcheartaithe LC ar 23 Deireadh Fómhair, 2012 san Óstán Glenroyal, Má Nuad, Co. Chill Dara.
42. D'fhreastail beirt Intéirneach ar Sheimineár aon lae a soláthraíodh ag Phenomenex faoi Fhorbairt Mhodka HLC/UHPLC ar 7 Samhain, 2012 san Óstán Red Cow, Bóthar an Náis, Baile Átha Cliath.
43. D'fhreastail seachtar ball foirne agus beirt Intéirneach ar Sheimineár leath lae faoi Nuashonrú Táirge Waters ar 8 Samhain, 2012 ag LBSB.
44. D'fhreastail beirt bhall foirne ar Léacht faoi Bhainistiú Fuinnimh agus Timpeallachta sa tSaotharlann ar 13 Samhain, 2012, ag COBÁC, Belfield, Baile Átha Cliath 4.
45. D'fhreastail 21 bhall foirne ar chúrsa gairid Intreorach faoi E-Sholáthar a tionóladh ar 22 Samhain agus d'fhreastail seachtar ball foirne ar chúrsa leantach faoi E-Sholáthar ar 18 Nollaig, 2012 ag LBSB.
46. D'fhreastail beirt Anailísithe ar Sheimineár aon lae faoi Mhéadreolaíocht sa Cheimic ar 28 Samhain, 2012 sa tSaotharlann Stáit, Cill Droichid, Co. Chill Dara.
47. D'fhreastail Príomhanailísí ar chruinniú Athbhreithnithe Threoirlínte Taighde EMCDDA -DUIDA ar feadh lá go leith ar 3 agus ar 4 Nollaig, 2012 ag EMCDDA Liospóin, an Phortaingéil.
48. Chuir ball foirne tús le Cúrsa Teastais bliana amháin páirtaimseartha faoin tSláinte agus faoin tSábháilteacht i Mí Dheireadh Fómhair, 2012 ag COBÁC, Belfield, Baile Átha Cliath 4.

49. Lean Oifigeach Teicniúil de bheith ag gabháil do Chúrsa M.Eng páirtaimseartha, is é sin Céim Mháistreachta i gCórais Leictreonacha ó Eanáir go Meán Fómhair 2012 in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 9.
50. Lean Anailísí Sinsearach de bheith ag gabháil do chúrsa páirtaimseartha dhá bhliain G.Dip sa Teicneolaíocht Faisnéise ar cuireadh tús leis ar 26 Meán Fómhair 2011 in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 9.

Foilsíú Taighde 2012

Scríobh an Roinn Iompair, Turasoireachta agus Spóirt (RITS), ar son an Aire, chuig an LBSB i Mí Eanáir 2012, ag dearbhú gur mhian le RITS "cur amach níos fearr a fháil maidir le smaointeoireacht agus le forbairtí na linne i réimse aimsithe thiomána dhrugaí". Rinne RITS iarratas go dtabharfadh LBSB "faoi staidéar tomhaiste faoi gach gné den tástáil cois bóthair drugaí, lena n-áirítear tagairt do agus anailís faoi aon trealamh atá á úsáid faoi láthair nó a bhfuiltear ag súil leis go dtabharfaí isteach é chun a leithéid de thástálacha a chur i gcrích agus leid maidir leis an amscála dóchúil a bheadh i gceist chun réiteach inghlactha a bhaint amach don fhadhb seo".

Tugadh faoi staidéar cuimsitheach ag LBSB agus foilsíodh tuarascáil dar teideal "*Report on Roadside Drug Testing and Equipment and Related Matters*".


Séanadh Dlí

Tá nádúr achoimrithe agus ginearálta eolasach amháin ag baint leis an gcur síos agus na staitisticí atá le fáil laistigh den tuarascáil seo. Níor chóir bheith ag brath orthu sin, iontu féin, chun cearta dlí nó socruithe eile a chinneadh faoi na hAchtanna um Trácht ar Bhóithre. Tugtar comhairle do léitheoirí agus d'úsáideoirí deimhniú lena gcuid comhairleoirí dlí aon fhaisnéis ar féidir gur mhian leo bheith ag brath uirthi.

Le linn 2012 tharla roinnt athruithe i soláthar foirne an Bhiúró tar éis do roinnt daoine dul ar scor nó éirí as a bpost.



**An tOllamh Denis A. Cusack,
Stiúrthóir.**



**An tOllamh Cecily Kelleher,
Cathaoirleach.**